


Eleathanach257

Dé Luain 20 Márta 2017

CLG: Ar Lá Fhéile Pádraig bhí cluichí ceannais na gclubanna ar siúl i bPáirc an Chrócaigh. San iománaíocht bhuaigh Cumann Lúthchleas Gael, Cuala, ó Dheilginis i mBaile Átha Cliath, ar sheaimpíní an Chláir, CLG Bhaile Aodha. Is é seo an chéad uair a bhuaigh foireann iomána ó Bhaile Átha Cliath an comórtas.

Agus sa pheil Ghaelach bhuaigh CLG Dr Chrócaigh ó Chiarraí ar Churaigh Dhoire, CLG Roibeard Éiméid Sleacht Néill. Bhuaigh na Crócaigh an chraobh sa bhliain 1992 freisin.

Rugbaí: Dé Sathairn bhí na Sasanaigh i mBaile Átha Cliath. Bhuaigh siad ceithre chluiche go dtí sin, agus bhuaigh siad an comórtas freisin. Ach bhí siad ag iarraidh an *Grand Slam* a dhéanamh, agus curiarracht domhanda nua a bhaint amach - naoi mbua dhéag as a chéile. Ach bhí plananna eile ag na hÉireannaigh. Bhuaigh siad leis an scór 13 - 9 agus chríochnaigh na hÉireannaigh sa dara háit sa chomórtas mar sin.



Bachlóga Nua



An tEarrach

Tá lár an Earraigh sroichte againn anois agus ó lá go lá tá an tír ag éirí glas freisin. Tá na bachlóga nua ag pléascadh amach agus tá na duilleoga beaga nua ar na crainn.

Tá ainm speisialta ar an am idir an fichiú lá agus an t-aonú lá is fiche de Mhárta. Cónocht an Earraigh an t-ainm atá ar an am seo. Bíonn an lá agus an oíche chomh fada lena chéile - go díreach - ag an am seo. As seo amach beidh sé ag éirí dorcha níos déanaí sa tráthnóna.

Lá Fhéile Pádraig

Tá Lá Fhéile Pádraig thart anois agus mar sin tá Seachtain na Gaeilge críochnaithe don bhliain seo. Ach is féidir linn go léir an Ghaeilge a úsáid fós, anseo is ansiúd, ar scoil, sa siopa agus sa bhaile.

Bhí an aimsir go huafásach ag deireadh na seachtaine ach fós féin tháinig na céadta míle duine amach le féachaint ar na paráidí ar fud na tíre. Cuireadh cúpla ceann eile ar ceal leis an drochaimsir.

Bhí a lán imeachtaí Gaelacha ar siúl ar fud an domhain freisin. Mar shampla bhí beagnach trí chéad foirgneamh cáiliúil i ndaichhead a ceathair tír lasta suas le soilse glasa ar Lá Fhéile Pádraig. Sin an méid is mó ariamh.

